# **Pictiúir faoi Chaibidil, Seachtain 19:** *Cape Clear and Fastnet*





*Cape Clear and Fastnet*, (2002) Norman Ackroyd, eitseáil.

## Eolas maidir leis an saothar ealaíne

Is ealaíontóir Sasanach é Norman Ackroyd a chruthaíonn uiscedhathanna agus eitseálacha, dubh agus ban den chuid is mó, de thírdhreacha. Anseo tá eitseáil de Chléire déanta aige, ar chlé, agus teach solais Charraig Aonair, ar dheis, Iarthar Chorcaí, ar lá dorcha, gruama.

## Céard é eitseáil?

Is modh priontaíochta é eitseáil ina n-úsáidtear ceimiceáin chun línte a ghearradh i bpláta priontála miotail. Déantar an phriontáil trí dhúch a rolladh trasna an dromchla. Téann an dúch isteach sna línte gearrtha agus cruthaítear an íomhá agus ansin brúitear an pláta miotail ar pháipéar chun prionta a chruthú.




**Fíricí Spéisiúla faoi Charraig Aonair**

- Is é Teach Solais Charraig Aonair an teach solais is airde in Éirinn agus an pointe is faide ó dheas in Éirinn.
- 'Deoir na hÉireann' a thugtar air de bhrí gurb é seo an chuid deiridh d'Éirinn a chonaic imircigh a bhí ag triall ar Mheiriceá sa 19ú haois.
- Splancálann an solas i gCarraig Aonair gach cúig shoicind agus is féidir an solas a fheiceáil chomh fada le 27 muirmhíle uaidh. Úsáidtear an solas seo chun rabhadh maidir le carraigeacha contúirteacha a thabhairt do bháid.
- Bhí seanteach solais ar an gcarraig, déanta d'iarann, a tógadh sa bhliain 1854, ach ní raibh sé sách láidir chun déileáil leis an drochaimsir agus cinneadh teach solas nua, déanta d'eibhear, a thógáil sa bhliain 1904. Tá an teach solais nua seo déanta de bhreis is 2,000 bloc eibhir comhthrasnach. Tógadh an teach solais in Cornwall ar dtús d'fhonn a chinntiú go raibh na bloic ar fad fite fuaite i gceart ina chéile, agus ansin baineadh ó chéile é agus tugadh na píosaí carraige chomh fada leis an tír seo chun an teach solais a thógáil anseo.
- Bhí ceathrar coimeádaithe tí solais ag obair sa teach solais seo nuair a osclaíodh é ar dtús.

- Sa bhliain 1989, thosaigh an teach solais ag feidhmiú go huathoibríoch, rud a chiallaigh nach raibh gá le coimeádaí tí solais níos mó.
- Reáchtáiltear Rás Charraig Aonair, rás luamh (bád), gach dhá bhliain mórthimpeall ar Charraig Aonair, rás a thosaíonn in Cowes i Sasana agus a chríochnaíonn in Plymouth i Sasana. I rith Rás Charraig Aonair 1979, tharla stoirm mhór agus bádh go leor luamhairí, agus cuid de na daoine a chuaigh chun iad a tharrtháil. Is fianaise í an tragóid seo nach mór dúinn a bheith cúramach i gcónaí nuair a bhímid ag spraoi nó ag bádóireacht san fharraige, sna lochanna nó sna haibhneacha.
- I rith Hairicín Ophelia in 2017, taifeadadh an ghaoth ba láidre riamh in Éirinn ag Carraig Aonair, ag luas 191 ciliméadar san uair. Sin gaoth láidir!

## Bímis ag Canadh!

Seo amhrán beag deas faoi bheith i do chónaí i dteach solais. Tá taifeadadh den amhrán le fáil thíos agus is féidir leat súil a choinneáil ar na liricí thíos fad is atá tú ag canadh:

### ***I Wanna Marry a Lighthouse Keeper*** **le Erika Eigen**

*I want to marry a lighthouse keeper*
*And keep him company.*
*I want to marry a lighthouse keeper*
*And live by the side of the sea.*
*I'll polish his lamp by the light of day,*
*So ships at night can find their way.*
*I want to marry a lighthouse keeper,*
*Won't that be okay?*
*We'll take walks along the moonlit bay,*
*Maybe find a treasure, too.*
*I'd love living in a lighthouse:*
*How about you?*
*I dream of living in a lighthouse, baby,*
*Every single day.*
*I dream of living in a lighthouse,*
*A white one by the bay.*
*So if you want to make my dreams come true,*
*Go be a lighthouse keeper, do!*
*We could live in a lighthouse,*
*A white one by the bay-ay-hay.*
*Won't that be okay?*
*Ya-da ta-da-da.*

**Príomhthithe Solais na hÉireann**




Is iad seo Príomhthithe Solais na hÉireann. Tá níos mó tithe solais ná seo in Éirinn, ach is iad seo na tithe solais ar fiú cuairt a thabhairt orthu agus is féidir oíche a chaitheamh i gcuid acu fiú! An dóigh leat go mbeadh tú in ann cuairt a thabhairt ar na tithe solais seo ar fad? Cén teach solais is gaire do do theach? B'fhéidir go bhféadfá cuairt a thabhairt ar theach solais mar chuid de do shaoire sa bhaile i mbliana. Nó, nuair a bhíonn tú níos sine, b'fhéidir go bhféadfá cuairt a thabhairt orthu ar fad.



**Samhlaigh...a bheith i do chónaí i dteach solais!**

An féidir leat an cineál saoil a bheadh agat dá mbeadh tú i do chónaí i dteach solais a shamhlú?

Conas a chuirfeá tús le do lá?

Cén cineál cairde a bheadh agat? Faoileán? Deilf? Rón?

Céard a bheadh agat don dinnéar? Iasc ón bhfarraige? Nó b'fhéidir béile le tabhairt leat, burgair agus sceallóga, tugtha chomh fada leat ar bhád?

Cén cineál aclaíochta a dhéanfá? Ag rith timpeall i gciorcail? Ag rith suas agus síos an staighre bíse?

Céard a dhéanfá mar phíosa spraoi? Cártaí a imirt? Míreanna mearaí a dhéanamh? Leabhar a léamh?

Ar mhaith leat pictiúr a tharraingt nó scéal a scríobh faoi do shaol i dteach solais? Lean ort!

## Scéalchoimeádaithe Óga

An mhí seo caite, mar chuid de Chruinniú na nÓg, scríobh leanaí as ar fud na hÉireann scéalta agus dánta faoi thithe solais, agus tharraing siad léaráidí faoi thithe solais, mar chuid de thionscadal dar teideal Scéalchoimeádaithe Óga. Tá a gcuid saothar álainn le feiceáil ag **an nasc seo** agus b'fhéidir go spreagfadh siad tú chun do scéal féin a chruthú nó chun líníocht faoi thithe solais a dhéanamh.

## Déanaimis teach solais!

Is féidir linn teach solais dár gcuid féin a dhéanamh ó rudaí éagsúla atá le fáil mórthimpeall an tí! Beidh an méid seo a leanas ag teastáil uait:

- Feadán folamh Pringles
- Páipéar bán
- Peann nó pinn luaidhe nó crián
- Cupán plaisteach
- Claibín plaisteach
- Scragall stáin
- Nuachtán
- Gliú nó téip ghreamaitheach

- Taechoinneal LED gan lasair  coinneal/soilse sí faoi chumhacht ceallra




**Conas teach solais a dhéanamh**

- Clúdaigh feadán folamh Pringles le páipéar bán trí úsáid a bhaint as gliú nó téip ghreamaitheach.





- Ansin, tarraing fuinneoga agus dathaigh bun an fheadáin ionas go mbreathnóidh sé cosúil le Carraig Aonair.
- Cuir coinneal LED, gan lasair (ná húsáid coinneal cheart!), nó roinnt soilse sí faoi chumhacht ceallra, ar chlaibín an fheadáin pringles agus clúdaigh é seo le cupán plaisteach bunoscionn agus leag claibín plaisteach ar an mbarr ionas go bhfuil sé cosúil leis an solas atá le

feiceáil ar theach solais. Is féidir leat iad seo a ghreamú le gliú nó téip ghreamaitheach.

- Anois, tá sé in am roinnt carraigeacha a dhéanamh. Brúigh roinnt nuachtáin ina chéile agus clúdaigh le scragall stáin agus brúigh an rud ar fad mórthimpeall ar an bhfeadán ionas go mbeidh sé cosúil le carraigeacha.





- D'fhéadfá roinnt sliogán nó cloch a chur leis agus radharc iomlán a chruthú trí chairde a bhíonn le fáil cois trá a tharraingt cosúil le faoileáin, rónta, deilfeanna, éisc, míolta móra, agus fiú amháin coimeádaí tí solais bhig. D'fhéadfá farraige ghorm a chruthú trí úsáid a bhaint as rapair nó éadach, agus olann chadáis a úsáid chun tonnta

atá ag bualadh in aghaidh na gcarraigeacha a chruthú. Bain taitneamh as!

---



Ba bhreá linn do scéalta a chloisteáil agus na saothair ealaíne atá déanta agaibh bunaithe ar Pictiúir faoi Chaibidil! Roinn gach rud linn ar Facebook, Instagram agus Twitter tríd an haischlib **#crawfordartgalleryhomelife.**

## Foinsí:

Alt gréasáin faoi *Teach Solais Charraig Aonair*:
baltimore.ie/fastnet-lighthouse

Alt gréasáin & físeán faoi *Tragóid Rás Luamh Charraig Aonair, 1979*:
rte.ie/archives/2019/0722/1064528-fastnet-race-disaster/

Gníomhaíochtaí agus léaráidí forbartha ag Hazel Hurley.